



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

LEABHRÁN EOLAIS AN IARRTHÓRA

Comórtas oscailte do cheapachán do pho(i)st mar:

OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN (2016)

sa Státseirbhís

CA 16160705

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh an tSeirbhís un Cheapacháin Phoiblí agus Ranna/Oifigí fostaithe an feachtas seo de réir

Chóid Cleachtais do cheapachán chuig poist sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a d'ullmhaigh An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie.

AN TSEIRBHÍS UM CHEAPACHÁIN PHOIBLÍ, ÁRAS NA CAIBIDLE
26 - 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH, BAILE ÁTHA CLIATH 1
www.publicjobs.ie

Email: EOrecruitment2016@publicjobs.ie

EOLAS FAOIN SA STÁTSEIRBHÍS

Tugann an Státseirbhís cuidiú don Rialtas maidir le beartas a cheapadh i dtaca le réimse gníomhaíochtaí uile an Rialtais trí anailís dhian agus mhionsonraithe a dhéanamh ar bheartas agus ar chláir reatha agus cinn mhalartacha inmharthana a shainiú. Tá an Státseirbhís freagrach as cinntí an Rialtais a chur i bhfeidhm trí sheirbhísí a chur ar fáil don phobal gan mhoill agus go héifeachtach.

Réimse an-chasta atá i gceist don phost seo agus tá sár-chaighdeán riaracháin riachtanach chun dúshlán dhiana an lae inniu a shárú. Bíonn daoine agus gnóthaí ag súil le feabhas leanúnach agus go soláthrófaí seirbhísí níos gaiste, níos fearr agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) an comhlacht earcaíochta lárnach don Státseirbhís Phoiblí agus don Státseirbhís. Tríd an comórtas seo, bunóidh PAS painéil de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu as ar féidir folúntais chléireachais a líonadh. Is féidir go líonfar folúntais amach anseo i dTEC ón chomórtas seo.

RÓL AN OIFIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Bíonn an tOifigeach Feidhmiúchán i mbun anailís chriticiúil a dhéanamh ar thograí agus ar thuarascálacha, agus déanann sé/sí imscrúdú ar chásanna neamhchoitianta casta a dteastaíonn cinneadh uatha. Bíonn obair agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ag Oifig Feidhmiúcháin agus san áireamh tá: taighde a dhéanamh agus moltaí a dhréachtú maidir le beartas agus le reachtaíocht; obair an bhainisteora shóisearaigh a dhéanamh i Ranna Rialtais, a bheith freagrach as obair a bhainistiú agus, tar éis taithí a fháil, as foireann mhór agus acmhainní eile a bhainistiú; a bheith ag plé go díreach leis an bpobal maidir leis na seirbhísí a chuireann an Státseirbhís ar fáil dóibh. Tá Oifig Feidhmiúcháin fostaithe a ngach Roinn/Oifig Rialtais ina bhfuil réimse freagrachtaí feidhmiúcháin. Is é grád an Oifig Feidhmiúcháin an grád iontrála don bhainistíocht shóisearach sa Státseirbhís.

AN DUINE ATÁ Á LORG UAINN:

Nuair atá Oifig Feidhmiúcháin á n-earcú, tuigean an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gur féidir go rachaidh cuid mhaith díobh siúd a cheaptar ar aghaidh chuig poist shinsearach sa Státseirbhís. Ar an chúis seo, lorgaimid daoine a thaispeánann an cumas freagracht ard a ghlacadh i mbainistíocht na seirbhíse poiblí agus maidir le hanailís a dhéanamh ar cheisteanna polasaithe poiblí.

Le bheith éifeachtach sa ról mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís, ní mór d'iarthóirí:

- suim a bheith acu i ngnóthaí poiblí agus a bheith dírithe ar choincheap na seirbhíse poiblí;
- an cumas d'obair féin agus daoine a phleanáil agus a eagrú agus spriocanna a sholáthar;
- tuiscint agus comhbhá a bheith agat agus tú ag déileáil le daoine eile agus a bheith in ann daoine a mhealladh agus tú i gcumarsáid go ginearálta;
- sár-scileanna cumarsáide maille le hardchaighdeán scríbhneoireachta;
- a bheith toilteanach smaoine agus eolas a roinnt le daoine, chun toradh ar leith a bhaint amach;
- suim a bheith agat oibriú mar bhall d'fhoireann;
- an cumas ábhar a scríobh go soiléir, go gairid, go cuimsitheach agus go mealltach;
- tiomanta ar thorthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach;
- in ann tionscnaíocht a úsáid nuair is cuí;
- in ann athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar réimsí neamhghnácha agus moltaí cuí a dhéanamh.

Cléireach Sóisearach

Chomh maith leis na folúntais mar Oifigeach Feidhmiúcháin, d'fhéadfadh folúntais a bheith ann i dTithe Sheirbhís an Oireachtais chun folúntais mar Oifigeach Cléireachais (OS) a líonadh.

Bíonn ar Oifigeach Sóisearach dualgais éagsúla a chomhlíonadh ó am go ham, dualgais i dtaca le riarachán, nós imeachta nó le coistí i dTithe Sheirbhís an Oireachtais (an tSeirbhís) de réir mar a oireann don phost. Glactar leis gur daoine ardghairmiúla iad siúd a oibríonn sa tSeirbhís, a léiríonn ardchaighdeán ina gcuid oibre agus le linn dóibh a bheith ag déileáil le páirtithe leasmhara uile sa chóras polaitiúil. I bpoist áirithe, ní mór a bheith i láthair ag obair tar éis na ngnáth-uaireanta oibre agus má tá gá leis, tugtar Am Saor ina Ionad nó ragobair as na huaireanta sa bhreise a dhéantar.

Seo thíos samplaí de chuid de na tascanna a thabharfaí do Chléireach Sóisearach: Seirbhísí éagsúla a sholáthar lena n-áirítear toscaireachtaí seachtracha agus imeachtaí oifigiúla a chomhordú, tacaíocht riachtanach a sholáthar do Choistí Oireachtais ar nós doiciméid a ullmhú agus a bheith páirteach in iar-obair maidir le cinntí na gCoistí i Ranna Rialtais agus de chuid chomhlachtaí eile. San áireamh freisin tá ceisteanna parlaiminte a phróiseáil agus ceisteanna a bhaineann le doiciméadú i dTithe an Oireachtais ar nós Billí, Dialanna Imeachtaí, Riar na hOibre srl. Is féidir go gcuirfí Cléirigh Shóisearacha ag obair i rannóg na seirbhísí corparáideacha i réimsí ar nós AD, Airgeadas, TEC, agus Cumarsáid

(A) INCHÁILITHEACHT:

CÁILÍOCHTAÍ RIACHTANACHA AN OIFIGI GH FEIDHMIÚCHÁIN:

1. Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a bheith acu roimh an 12 Eanáir 2017.

- (i) bunchéim aitheanta nó cáilíocht a bheith acu a mheasfadh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith ar a laghad inchurtha le nó níos airde ná bunchéim aitheanta;

nó

- (ii) grád D bainte amach ag an ghnáth-leibhéal (nó Pas) i Matamaitic agus i nGaeilge nó Béarla san Ardteistiméireacht agus grád C ar a laghad i gcúig ábhar i scrúduithe Ardleibhéil (nó Onóracha);

nó

- (iii) cáilíocht a mheasann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá ar a laghad inchurtha le nó níos airde ná an tArdteistiméireacht (ní shocrófar seo go dtí go sroichfear an próiseas roghnaithe nó go dtí go gcuirfear iarrthóir faoi mheas do phost);

nó

- (iv) pas i scrúdú na chéad bliana de chúrsa atá mar chuid de chéim aitheanta;

nó

- (vi) a bheith ag obair mar Státseirbhíseach agus taití dhá bhliain ar a laghad agat agus **cúig** n-ábhar ar a laghad i scrúdú na hArdteistiméireachta (Matamaitic agus Gaeilge nó Béarla san áireamh), grád C ar a laghad i **dtrí** cinn acu (i bpáipéir ardleibhéil nó onóracha), nó Grád D sna hábhair eile ar a laghad. Nó pas i scrúdú agat a ghlacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis a bheith ar aon chaighdeán leis an Ardteistiméireacht ar a laghad.

agus

2. Na hinniúlachtaí atá riachtanach don phost leagtha amach in Aguisín 1 a léiriú

NÓTA: Tug faoi deara gur féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim deireanach sa phróiseas, mar sin i gcás iarrthóirí nach bhfuil na riachtanais iomlána acu, **ar an dáta atá luaite thuas** agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, go bhfuil siad ag cur costais gan ghá orthu féin agus ní thairgfear an post dóibh san fheachtas seo. Is féidir go dtógfar amach as an fheachtas am ar bith, aon iarrthóir nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú agus / nó chuig agallamh agus a rá go bhfuil tú incháilithe.

3. Critéir cháilitheachta eile

Cáilitheacht chun iarratas a dhéanamh agus Srianta Áirithe maidir le Cáilitheacht.

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint gur féidir le saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iarratas a dhéanamh ar an bpost. Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE.

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine ar scor faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost

eile san fhostaíocht chéanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an phost seo.

An Roinn Sláinte agus Leanaí Ciorclán (7/2010):

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2000 den 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithé Luathscoir Dheonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a ghlacann an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tseirbhís poiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar fhostaíocht arís i bhfeidhm faoin VRS ach go maireann an cosc ar feadh seacht mbliana agus ina dhiaidh sin ní mór cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil d'fhostaíocht arís. Níl duine ar bith a ghlac páirt sna scéimeanna seo i dteideal iarratas a dhéanamh ar an chomórtas.

(Litir LG/P 05/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

Chuir an Litir LG/P ón Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe: Íocaíochtaí iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim VER sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009 2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Ina dhiaidh sin beidh sé riachtanach cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil sula bhfostaítear an duine arís. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Comhaontú: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí.

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an chomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís poiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear san Financial Emergency Measures in the Public Interest Acts 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríochnaigh an fhostaíocht. Ina dhiaidh sin beidh sé riachtanach cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil sula bhfostaítear an duine arís. Beidh ar dhaoine a ghlac leis an scéim seo agus gur féidir go n-éireodh leo sa chomórtas seo, a gcáilitheacht a chruthú (críoch le tréimhse neamh-cháilitheachta) agus ní mór cead an Aire a fháil roimh aon fhostaíocht i gcomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú:

Ni mór d'iarrthóirí a dheimhniú má ghlac siad scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí agus/nó an comhaontú comhroinnte a luaitear thuas. Beidh ar iarratasóirí fosta aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhu agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

(B) AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNAITHE

Gnéithe Praiticiúla

- Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne tríd www.publicjobs.ie.
- Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí “Cuntas Úsáideora” ar www.publicjobs.ie a bheith acu. Mura bhfuil sé déanta cheana ní mór duit clárú mar “**Úsáideoir Nua**” chun do phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua).
- Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, ná cruthaigh an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.
- Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.

Earcaíocht Réigiúnach

Cé go mbeidh an chuid is mó de na folúntais i mBaile Átha Cliath is féidir go mbeidh roinnt folúntas i réigiúin eile. Ar an fhoirm iarratais is féidir le hiarrthóirí oiread agus **dhá réigiún** ar a mhéid a roghnú. Níor chóir duit ach ceantair ina mbeifeá toilteanach dul ag obair iontu a roghnú má thairgtear ceapachán duit. Chomh luath agus a chuireann tú do rogha ceantair isteach ní bheidh cead athruithe a dhéanamh.

Má thairgtear post duit (má ghlacann tú leis nó nach nglacann), de ghnáth ní chuirfear thú faoi mheas do phost ar bith eile sa cheantar sin. Má ghlacann tú le post, cuirfear as an áireamh thú do phoist sna ceantair eile a roghnaigh tú.

Roghnú Réigiún (Dhá Cheann ar a Mhéid)	
Ceatharlach	Longfort
An Cabhán	Lú
An Clár	An Mhí
Corcaigh	Muineachán
Dún na nGall	Maigh Eo
Baile Átha Cliath	Uíbh Fhailí
Gaillimh	Ros Comáin
Ciarraí	Sligeach
Cill Dara	Tiobraid Árann
Cill Chainnigh	Port Láirge
Co Laoise	Cill Mhantáin
Liatroim	An Iarmhí
Luimneach	Loch Garman

Poist ina bhfuil gá le scileanna speisialtacht Gaeilge

Tá an Státseirbhís tiomanta go hiomlán ar na dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe folúntais a tharlaíonn ina bhfuil sé riachtanach réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge (Dátheangach Feidhmiúil) a líonadh ón chomórtas seo.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn a suim ar an fhoirm iarratais agus a n-éiríonn leo sa staid roghnaithe dheirdh dul faoi mheasúnú maidir lena scileanna Gaeilge.

Poist ina bhfuil cumas i dteanga iasacht riachtanach

Is féidir go mbeidh folúntais le líonadh sa chomórtas seo ina mbeidh sé riachtanach seirbhísí iomlána a chur ar fáil i dteanga iasachta (Dátheangach Feidhmiúil). Ar na teangacha seo tá Polainnis, Portaingéilis, Sínis, Liotuánais agus Rúisis.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn a suim ar an fhoirm iarratais agus a n-éiríonn leo sa staid roghnaithe dheiridh dul faoi mheasúnú maidir lena scileanna teanga.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal

Má tá dearmad déanta agat ar d'Ainm Úsáideora nó ar do Phasfhocal cliceáil ar an nasc seo:

<https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetail.do>

Conas teagmháil a dhéanamh le PAS?

Má tá deacracht agat fós le 'Ainm Úsáideora' nó 'Pasfhocal' cuir ríomhphost chuig graduatercruitment2015@publicjobs.ie ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige amháin go dtí an dáta dúnta.

- **Ainm Úsáideora agus Pasfhocal**

Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Bhord Teachtaireachtaí.

- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphoist nó uimhir an teileafóin póca a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtairacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús (féach ar alt Bord Teachtaireachtaí Publicjobs thíos).

- **Bord Teachtaireachtaí Publicjobs**

Déanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais don chuid is mó ar líne. Cuirfidh PAS an chuid is mó de chumarsáid trí Bhord Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistrefaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/ Agallaimh etc a chuirtear chuig Clár na d'Teachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Turscar (nó 'Cur Chun Cinn' maidir le gmail). Moltar duit freisin na comhaid seo ar fad a bhreithniú go minic.

- Má thugtar cuireadh duit chuig tástálacha / nó agallamh, is faoin iarrthóir féin a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn PAS.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarratasóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad to rialta ar a mBord Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann PAS chucu.

Bí ar an eolas go bhfuil comórtais dhifriúla eile á reáchtáil ag an am céanna leis an Chomórtas Oscailte seo agus an fhoirm iarratais chéanna á húsáid. Má tá tú ag déanamh iarratais ar aon

cheann de na poist seo, bí cinnte go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta agus ná cuir ach foirm iarratais amháin isteach a léiríonn an comórta(i)s a bhfuil suim agat ann.

Cliceáil an cnaipe 'Déan Iarratas Anois' chun an fhoirm iarratais a fháil. Tá an cnaipe seo le fáil ag deireadh an leathanaigh ina bhfógraítear poist d'Oifigeach Feidhmiúcháin' ar www.publicjobs.ie. Ní mor duit an fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán agus cliceáil ar an cnaipe 'Cuir faoi Bhráid'.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas Poist Phoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha faoi bhráid tríd 'M'Iarratais'. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfead cosc ar ríomhphost ó publicjobs.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear faoi bhráid i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

Dáta Dúnta

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe ná **3.00in ar an Déardaoin 12 Eanáir 2017**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais cuir ríomhphost chuig EOrecruitment@publicjobs.ie

Próiseas Roghnaithe

Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó díobh seo i gceist:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus / nó bunaithe ar pháipéar;
- Gearrliostú;
- Trialacha teanga (labhartha agus/nó scríofa) m.sh. i gcás iarratasóirí ar phoist mar Dhátheangach Feidhmiúil don sraith Ghaeilge agus/nó do theangacha Gaeilge;
- Agalla(i)mh;
- Cur i láthair/Anailís a dhéanamh;
- Triail shamplach oibre nó cleachtadh eile a cheaptar atá riachtanach.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus an t-ionad is airde a bhaint amach chun go gcuirfí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an chéad staid eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil staideanna éagsúla. Socróidh PAS ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach staid. Tabharfar eolas níos cuimsithigh d'iarratasóirí má tá siad chun cuireadh a fháil dul ar aghaidh sa phróiseas.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar na dátaí a leagann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí amach, agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a sholáthraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn agus ceart.

Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a aisíoc. Cuirfead iarrthóirí a éiríonn leo ar phainéal agus is féidir go líonfar folúntais as amach anseo.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Beidh ar iarrthóirí a shonraíonn ina n-iarratais go bhfuil riachtanais speisialta acu tuairisc leighis nó ó shíceolaí a chur chuig PAS. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt do PAS chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

Ba chóir na tuairiscí seo a chur chuig Troy Murphy, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh am dúnta gnó ar an **Déardaoin 12 Eanáir 2017**.

Gearrliostú

Go hiondúil is mó i bhfad líon na n-iarratas a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus folúntais amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cinneadh ar líon teoranta de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann a d'fhágfadh nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. Sa chás seo, cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí iomchuí acu.

Tugann bord saineolaithe treoir don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le linn cibé próisis ghearrliostaithe a dhéanfaí, Bord a iniúchann agus a mheánn na foirmeacha iarratais de réir slat tomhais réamhcheaptha atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is ar mhaithe leat féin, dá réir, go dtabharfaí mionchuntas cruinn ort féin, idir thaithí agus cháilíochtaí, ar an bhfoirm iarratais.

Trialacha Measúnaithe ar Líne

Faoi mar atá sonraithe, is féidir go mbeidh cúpla staid i gceist sa phróiseas roghnaithe. I Staid 1 beidh tástálacha measúnaithe ar líne. Ní bheidh maoirseacht i gceist maidir leis na trialacha tosaigh ar líne agus is féidir le hiarrthóirí iad a dhéanamh in ionad dá rogha féin, áit a bhfuil ríomhaire agus ceangal idirlíne maith ar fáil acu.

Socruithe Maidir le Tástálacha ar Líne a Dhéanamh

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TE slán m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste gur féidir go bhfuil firewall nó teicneolaíocht chosanta eile i bhfeidhm, gur féidir go mbeadh deacrachtaí teicniúla agat. Ba chóir duit smaoineamh ar do thrialacha a dhéanamh sa bhaile nó in áit eile nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon. Is fútsa a chinntiú a bhfuil an t-idirlíon ar fad go hiomlán agat chun na trialacha a chomhlíonadh. Ba chóir duit a chinntiú gur féidir leat na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leat díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach ort le linn na dtrialacha. Moltar an ceistneoir agus na tástálacha a dhéanamh ar PC nó ar Ríomhaire Glúine. Moltar d'iarratasóirí gan iarracht a dhéanamh an tástáil a dhéanamh ar smart phone, fón póca nó ar thaiblead.

Nasc Thrialacha Measúnaithe

Cuirfear nasc chuig an tástáil ar líne trí ríomhphost chuig Bord Teachtaireachtaí na n-iarratasóirí roimh an am atá ar fáil don tástáil. Tuigtear go bhfaighidh iarrthóirí nasc chuig trialacha ar líne Staid 1 roimh an 17 Eanáir, 2017. Mura bhfaigheann tú cumarsáid roimh an 18 Nollaig, 2017 ba chóir duit ríomhphost a chur chuig graduatercruitment2015@publicjobs.ie láithreach.

I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann an ceistneoir roimh an dáta deiridh, glacfar leis nach bhfuil suim níos mó acu sa chomórtas agus ní thabharfar tuilleadh airde ar a n-iarratais.

An Chéad Chéim Eile

Má táthar do mheas chun dul ar aghaidh chuig staid 1 (B) (Trialacha Inniúlachta) agus staideanna eile den phróiseas roghnaithe, cuirfear eolas chugat ag an am cuí.

Ta an comórtas á reáchtáil i gcomhar le comórtas eile do na gráid seo. Is cuma cén comórtas a ndearna tú iarratas air, ní **féidir leat na staideanna éagsúla den phróiseas roghnaithe a dhéanamh ach uair amháin**. Cuirfear an marc a fhaigheann tú i bhfeidhm i **ngach comórtas** a ndearna tú iarratas air agus ina bhfuil tú do chur faoi mheas.

Dírítear d'aire ar Aguisín II 'Eolas Tábhachtach'. Cé go gcomhlíonann iarrthóirí na trialacha measúnaithe ar líne gan mhaoirseacht, beidh orthu siúd a cháilíonn agus a chuirtear san ionad is airde ar an ord fiúntais trialacha dá leithéid a dhéanamh faoi mhaoirseacht níos moille sa phróiseas. Má tá toradh an iarrthóra sa triail faoi mhaoirseacht taobh amuigh de réimse na marcanna ón triail gan mhaoirseacht, is féidir go bhfágfar amach iad ón chéad staid eile den phróiseas roghnaithe.

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint nach ndeimhneoidh PAS (i) cáilitheacht don chomórtas, (ii) sláinte agus leibhéal na saoire breoiteachta, (iii) caighdeán oibre sa ghrád reatha, (iv) deimhniú go bhfuair an t-iarrthóir Measúnú "Chomhlíon Dualgais go hIomlán" in Athbhreithniú PMDS Dheireadh na Bliana, agus (v) iompar ginearálta go dtí go gcuirfear iarrthóir faoi mheas do cheapachán. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar chomórtas, nó ar aon staid den chomórtas, ní hionann sin is a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go háirithe nach mbeidh na nithe thuas, sláinte agus saoire bhreoiteachta deimhnithe ag an Oifigeach Pearsanra - dá bhrí sin, má ligtear iarrthóir isteach ar chomórtas, nó ar aon staid roghnaithe den chomórtas, ní hionann sin is a rá go gcomhlíonann iarrthóirí na critéir cháilitheachta lena n-áirítear sláinte agus saoire bhreoiteachta.

Nuair ata oiriúnacht iarrthóra do cheapachán faoi mheas, comhlíonfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Ciorclán 6/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Moltar d'iarrthóirí a bhfuil amhras orthu faoi and ghné dá gcáilitheacht, a gcás a shoiléiriú leis an Rannóg Phearsanra roimh dul ar aghaidh lena n-iarratas.

Próiseas Roghnaithe - Dátaí Tábhachtacha

Dáta Dúnta	3:00i.n. ar an Déardaoin 12 Eanáir 2017
Ní mór d'iarrthóirí faoi mhíchumas tuairiscí a chur ar aghaidh roimh	Déardaoin 12 Eanáir 2017
Staid 1 (A) tástáil ar líne	17 - 20 Eanáir 2017
Mura bhfaightear nasc na tástála téigh i dteagmháil le EOrecruitment@publicjobs.ie	roimh an Déardaoin 18 Eanáir 2017.

Coinníollacha Ceapacháin

Beidh na gnáth-choinníollacha a bhaineann le ceapachán mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Státseirbhís i gceist. Nuair a cheaptar duine mar Oifigeach Feidhmiúcháin, beidh tréimhse phromhaidh aon bhliana i gceist. Roimh dheireadh na tréimhse promhaidh seo, déanfar cinneadh faoi cheapachán cinnte sa ghrád.

(C) Na Príomh-Choinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Ceapachán i bpost bunaithe sa Státseirbhís atá ann atá faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go dtí 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm idir an dá linn i dtaca leis an Státseirbhís.

Tuarastal

Beidh an Gnáth-scála Tuarastail d'Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) i gceist don phost seo.

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin

Tuarastal RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016 mar seo a leanas:

€27,739, €29,712, €30,821, €32,687, €34,360, €35,977, €37,588, €39,166, €40,760, €42,311, €43,909, €44,967, €46,473 (LSI-1), €47,975 (LSI-2)

Beidh an ráta seo i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí ar nó roimh 6 Aibreán 1995 agus ag íoc ranníocaíocht phearsanta pinsin.

Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse (IFS1) tar éis 3 agus 6 bliana (IFS2) de sheirbhís shásúil ag an scála is airde.

Íocfar an ráta éagsúil más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú roimh an 6 Aibreán 1995 agus **nach gá dó/di** faoin dlí Ranníoc Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach

Tosófar ag an scála tuarastail is ísle agus ní féidir é a phlé agus is féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Faoi réir an obair a bheith sásúil, íocfar incrimintí ag teacht le Polasaí reatha an Rialtais. (Féach Comhaontú Bhóthar Haddington alt 2.19.)

Tionacht

Beidh an ceapachán buan agus beidh pinsean i gceist. Beidh ar an cheapaí tréimhse phromhaidh 12 mhí a dhéanamh.

Uaireanta freastail

Beidh na huairanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 43 uair a chloig agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an duine a cheapfar uairanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dtorainneacha atá leagtha amach sna rialacha um uairanta oibre.

Saoire Bhliantúil

23 lá sa bhliain, ag ardú go 24 lá sa bhliain tar éis seirbhís 5 bliana agus 25 lá tar éis seirbhís 10 mbliana. Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáth-choinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bhliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáth-laethanta saoire poiblí san áireamh.

Saoire Bhreiteachta

Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, féadfar pá iomlán a íoc le linn saoire breiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn pro-rata, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Beidh ar oifigigh atá ag íoc Ráta Aicme A de ÁSPC sainordú a shíneadh ag tabhairt údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá i ndán faoi na hAchta Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn nó Eagraíocht chúí. Beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn bhreiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cúí.

Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha cúí atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís i dtaca le haoisliúntas a thairiscint don iarrthóir a n-éiríonn leis/léi nuair a bheidh ceapachán á thairiscint. I gcoitinne, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí scéime neamh-shingil) seirbhíse poiblí sna 26 seachtaine roimh cheapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn seo tairiscint ar cheapachán bunaithe ar bhallaíocht den Scéim Shingil Seirbhíse Poiblí ("Scéim Shingil"). Is iad seo thíos príomh-fhorálacha maidir le ballaíocht den Scéim Shingil:

Aois Pinsin

Ní íocfar pinsean roimh aois 66 bliain (ag ardú go dtí aois 67 agus 68) de réir athruithe aoise i bPinsean an Stáit.

a. Aois Scoir:

Ní mór do bhaill na scéime scor ag aois 70 bliain.

b. Laghdú ar Phinsean

- Má bhí ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís agus ag fáil pinsin ón Státseirbhís, beidh na gnáth-rialacha lacáiste i bhfeidhm. Má bhí an t-iarrthóir fostaithe cheana sa Státseirbhís áfach agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) nó de Chiorclán 7/2010 VER/VRS den Roinn Sláinte), a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas, mar a luaitear thuas), ní bheidh an ceapaí i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, ionas go gcuirfead san áireamh cibé iar-seirbhís a thug an t-oifigeach go n-uige seo chun críche aon aoisliúntas a d'fhéadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal sa todhcháí.

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil forálacha san Acht Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile) 2012

a shíneann lacáiste pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí a athfhostaítear sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí a híoc. Tháinig an fhoráil lacáiste a chur i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2012. **Is féidir go mbeadh impleachtaí pinsin i gceist do dhuine ar bith a cheaptar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí nó a bhfuil pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí aige/aici a bheidh le híoc le linn a f(h)ostaíochta sa phost seo.**

- **Ciorclán 102/2007 Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shraitheanna 1,2 nó 3** den scéim seo agus má fhostaítear é/í ar dhóigh ar bith i réimse ar bith san earnáil phoiblí, **cuirfear stad láithreach** le híocaíocht phinsin don duine sin. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar an 60ú lá breithe an duine, cé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht phinsin á áireamh).

- **Scor de bharr Droch-Shláinte**

Tabhair faoi deara i gcás go bhfuil duine éirithe as foras Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, gur féidir go ndéanfaí athbhreithniú ar pinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte taobh istigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

c. **Iar-Sheirbhísigh Phoiblí**

Cé go bhfuil ballraíocht den Scéim Shingil mar chuid de na téarmaí pinsin réamhshocraithe, mar a léirítear sna haltanna roimhe seo, is féidir nach mbaineann siad le ceapaithe áirithe. Tá sonraí uile faoi na cúinsí a shocraíonn cé acu an ball den Scéim Shingil seirbhíseach poiblí nó nach ea, ar fáil san Acht Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha eile) 2012. Is cás eisceachtúil é (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) nach mbeadh iarrthóir, **ar éirigh leis/léi, a d'oibrigh i gcumas inphinsin (téarmaí scéime neamh-shingil) sa tseirbhís phoiblí taobh istigh de 26 seachtain ó thógáil an cheapacháin, ina b(h)all de Scéim Shingil.** I gcás mar sin d'ofrálfai ballraíocht ina ionad de scéim phinsin do státseirbhísigh neamh-bhunaithe ("Scéim D'fhostaithe Neamh-bhunaithe Stáit). Chiallóidh sin go mbeadh foráil laghdaithe ag (c) thuas i gceist agus chomh maith le sin tá impleachtaí maidir le fabhrú pinsin mar a léirítear thíos:

d. **Fabhrú Pinsin**

Bheadh teorainn 40 bliain seirbhíse gur féidir a áireamh do pinsean sa chás go raibh duine ina bhall de scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha i bhfeidhm. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a fhoráiltear san Acht Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha eile) 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. **Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.**

e. **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Tá an ceapachán seo faoi réir ag asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Beartas Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Phinsin do Státseirbhísigh Bhunaithe Stáit ar fáil ar an suíomh gréasáin seo: <http://www.per.gov.ie/pensions>.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

Cead isteach ar chomórtas

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, nó ma thugtar litir ag rá gur eirí leis/léi, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Imréiteach Slándála

Beidh ort foirm ghrinnfhiosrúcháin leictreonach an Gharda a líonadh má táthar do mheas do cheapachán. Cuirfead an fhoirm ar aghaidh chuig An Garda Síochána do scrúdú slándála faoi gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann a raibh tú i do chónaí acu. Sa chás áfach nach n-éiríonn le diarratas ar an chomórtas seo, scriosfaidh PAS an fhoirm seo. Má chuirtear thú san áireamh do phost eile, beidh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile a chomhlíonadh.

Fiosrúcháin

Sula moltar aon duine don cheapachán seo, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú m.sh. teistiméireachtaí ó fhostóirí. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Critéir ar leith an iarrthóra

Chomh maith leis na cáilíochtaí riachtanacha, ba chóir na nithe seo a bheith ag an iarrthóir:

- an t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- a bheith fóirsteanach ó thaobh dea-cháil de;
- A bheith fóirsteanach don cheapachán ar gach slí;
- Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:
 - Aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus glacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le, dualgais an phoist a chomhlíonadh;
 - Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

Costais nach níoctar

Ní íocfar aon chostas a chuireann iarrthóirí orthu féin le linn dóibh a bheith ag freastal ar nó ag déanamh aon ghné den phróiseas roghnaithe.

Ceapacháin ó phainéil

Níl aon chinnteacht ann go gceapfar duine i bpost má cháilíonn sé/sí nó má chuirtear é/í ar phainéal. Bí ar an eolas má ghlacann duine le tairiscint ar cheapachán go mbainfead é/í de aon phainéal eile.

Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

I gcás iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh agus trialacha ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní féidir é/í a chur san áireamh do phost.

Tairiscint ar cheapachán a dhiúltú

Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar do cheapachán an cheapachán sin, nó má éiríonn sé/sí as tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

Rúndacht

De réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, agus aon imréiteach slándála agus/nó fiosrúchán, is féidir leat a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach

gné de na himeachtaí a bhainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hardrúndacht agus nach dtugtar aon eolas d'éinne taobh amuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ghné sin den phróiseas.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraidimid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne i gceist. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a leigheas.

Ceartha na nIarrthóirí - Gnásanna Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnaithe

Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha na gCód Cleachtas atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. ^{Is féidir na nósanna imeachta seo a fháil ar an nasc seo: <http://www.cpsa.ie>}

Iarratais ar Aiseolas/Torthaí Trialacha a Ath-scrúdú

Tá aiseolas maidir leis an phróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hath-scrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas agus go bhfuil tréimhse ama ar leith gur gá cloí leis i gceist. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CPSA a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí ath-scrúduithe.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl sé ceadmhach:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- do dhuine iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh é/í de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Nuair a thagann foirm iarratais isteach cruthaítear cuntas ríomhaire, faoi ainm an iarrthóra, ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a soláthraíodh. Ní úsáidtear an cuntas pearsanta seo ach amháin le d'iarratas a phróiseáil agus má éiríonn leat cuirfead roinnt eolais a sholáthair tú ar aghaidh chuig an eagraíocht fostaíochta. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Coinnítear eolas dá leithéid ar ríomhaire faoi réir na gcearta agus na ndualgas a leagtar síos sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 agus cinntigh go ndéanann tú cur síos cuimsitheach ar

na cuntais a theastaíonn uait chun gur féidir linn an cuntas cuí a aimsiú. Ní mór €6.35 a chur le d'iarratas. Ba chóir íocaíocht a dhéanamh trí dhréacht bainc, ordú airgid, nó seic pearsanta, don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar bith faoi leith, as cuntais ar chúiseanna ginearálta staitistiúla.

Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiáimh ón bpróiseas dá dheasca.

Ceapacháin

Sula moltar aon duine do na ceapacháin seo, déanfar gach fiosrúchán, lena n-áirítear fiosrúcháin sláinte a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú.

Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar do cheapachán an ceapachán sin, nó má éiríonn sé/sí as tar éis dó/di glacadh leis an gcheapachán, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

Eile

Is féidir go ndéanfaidh páirtithe eile cuid den phróiseas iarratais. I gcásanna dá leithéid beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir Pas agus na páirtithe seo chun d'iarratas a phróiseáil.


Ba chóir d'iarrthóirí fios a bheith acu gur féidir marcanna a fhaightear ag staid ar bith den chomórtas a thabhairt ar aghaidh má dhéanann siad iarratas ar chomórtas a réachtálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí taobh istigh de 12 mhí. Déanfaidh PAS socrú faoi seo ó chás go cás.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarrthóirí go ndícháileofar iad de bharr canbhasála.

Aguisín 1

LEIBHÉAL AN OIFIGH FEIDHMIÚCHÁIN
Daoine a Bhainistiú
Spreagann sé/sí an fhoireann a bheith iomlán páirteach trí chomhrá cruthaitheach faoi cheisteanna oibre Éiríonn leis/léi an leas is fearr a bhaint amach as daoine agus as an fhoireann, oibríonn sé/sí leis an fhoireann chun ardfeidhmíocht a bhaint amach, agus tugann sé/sí faoi cheisteanna faoi fheidhmíocht má tharlaíonn siad Tá meas aige/aici agus tugann sé/sí tacaíocht maidir le daoine eile agus an fhoireann a fhorbairt Spreagann agus tugann sé/sí tacaíocht do shlíe oibre níos éifeachtaí Déileálann sé/sí le teannas san fhoireann ar shlí chruithaitheach Spreagann, éisteanann agus déanann sé/sí beart ar aiseolas ón fhoireann chun feabhas a chur i bhfeidhm Roinneann sé/sí eolas agus saineolas chun cuidiú leis an fhoireann a spriocanna na foirne a bhaint amach
Anailís & Cinntí a Dhéanamh
Déileálann sé/sí go héifeachtach le réimse mór foinsí eolais, fiosraíonn sé/sí gach ceist ábhartha Tuigeann sé/sí impleachtaí praiticiúla eolais maidir leis an chomhthéacs i gcoitinne ina n-oibríonn sé/sí - cur chuige, spriocanna rannóige srl sainathníonn and tuigeann na ceisteanna agus na treochothaí tábhachtacha Tógann sé/sí an chiall cheart as eolas uimhriúil, déanann sé/sí áirimh chruinne uimhriúla Déanann sé/sí measúnú cruinn agus déanann sé/sí moltaí cothroma agus cuí trí thacaíocht ó fhianaise
Torthaí a Sholáthar
Tugann sé/sí faoi obair agus cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an obair i gceart Tá sé/sí loighciúil agus stuama faoi chur chuige, socraíonn sé/sí spriocanna agus baineann sé/sí na torthaí is fearr amach leis na háiseanna atá ar fáil trí thosaíocht éifeachtach Scrúdaíonn sé/sí na modhanna oibre reatha chun feabhas a chur ar sheirbhís éifeachtach a sholáthar don chustaiméir Déanann sé/sí meastachán cruinn ama faoi thionscadail agus déanann sé/sí plean chun déileáil le fadhbanna Laghdaíonn sé/sí na botúin, déantar athbhreithniú ar fhoghlaim agus cinntíonn sé/sí go gcuirtear réiteach i bhfeidhm Déanann a fhoireann féin a d(h)ícheall chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach Cinntíonn sé/sí go bhfuil modhanna/prótacail/athbhreithnithe cuí in áit maidir le seirbhís a sholáthar agus go gcuirtear iad i bhfeidhm
Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide
Athraíonn sé/sí an tslí chumarsáide le bheith in oiriúint don chás ar leith / don lucht éisteachta Éisteanann sé/sí le tuairimí dhaoine eile Oibríonn sé/sí i gcomhar le grúpaí eile chun comhoibriú a bhaint amach Pléann sé/sí an cheist más gá, chun toradh sásúil a bhaint amach Dírthe ar dhéileáil le custaiméirí go héifeachtach agus le hurraim Tá sé/sí deimhin agus gairmiúil agus é/í ag déileáil le ceisteanna deacra Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir agus go gonta le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh
Díograis agus Tiomantas
Tiomanta don ról, i gcónaí ag iarraidh caighdeán ard a bhaint amach Léiríonn sé/sí solúbthacht agus oscailteacht maidir le hathrú Tá teacht aniar ann/inti agus coinníonn sé/sí leis in ainneoin deacrachtaí Cinntíonn sé/sí go ndírítear ar sheirbhís do chustaiméirí óna t(h)aobh féin agus ó thaobh na foirne de Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi Feidhmíonn sé/sí go hionraic agus spreagann sé/sí daoine eile an rud céanna a dhéanamh
Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt
Léiríonn sé/sí sár-scileanna/sár-eolas ina réimse féin agus tugann sé/sí treoir do chomhghleacaithe Tuigeann sé/sí go soiléir a ról agus a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus conas mar a oibríonn siad san aonad agus sa Roinn agus tugann seo le fios go soiléir don fhoireann Taispeánann sé an tslí, léiríonn sé/sí an tábhacht a bhaineann le forbairt trí am a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí forbartha duit féin agus don fhoireann A bheith toilteanach rudaí a fhoghlaim agus scileanna nua a bhaint amach ar bhun leanúnach Cinntíonn sé/sí go bhfuil sé/sí ar an eolas faoi fhorbairtí nua agus go gcuirtear iad i bhfeidhm

Executive Officer Level



Aquisín II

EOLAS TÁBHACHTACH Téarmaí agus Coinníollacha

Dírítear d'aire air seo. Má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar measúnaithe / trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí atá leagtha amach.

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /ábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghnanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach (lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an iarrthóir nó duine eile é/í, nó a chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthe as cailteanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.
2. Dírítear d'aire ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i Rannóg 5 - Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

Canbhasáil

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiáimh ón bpróiseas dá dheasca.

Dualgais na nIarrthóirí:

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

Pionós sa chás nach gcomhlíontar na forálacha

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion. Dlífeair fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine a gheofar ciontach i gcion.

I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- Sa chás gur ceapadh é/í de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh do dhuine chuig aon ghné den phróiseas earcaíochta, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.